# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

13 Deireadh Fómhair 2022 || Eagrán 117

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**








# BUANNA MÓRA AG FUTA FATA

Comhghairdeachas le Futa Fata an teach foilsitheoireachta atá lonnaithe i mBaile an Domhnalláin sa Spidéal a thug leo dhá dhuais as an trí mhórdhuais a fógraíodh i dteach an Ard Mhéara i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin seo caite. Is é An Slipéar Gloine le Fearghas Mac Lochlainn, a thug leis Gradam Réics Carló, leabhar na bliana do pháistí. Léigh Fearghas an scéal ag ócáid seolta i Leabharlanna an Spidéil ar an Satharn 8 Deireadh Fómhair mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige. Bronnfar €1,250 ar Mhac Lochlainn, tabharfar €1,250 do mhaisitheoir an leabhair, Paddy Donnelly, agus bronnfar €5,000 ar Futa Fata mar thoradh ar an mbua. Is iad Máirín Nic Con Iomaire agus Barzaz, inphrionta atá mar chuid de Futa Fata a thug leo Gradam de Bhaldraithe, leabhar na bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge ó theanga eile. Khalil le Yasmina Khadra an saothar a ghnóthaigh an duais agus €500 le bronnadh ar Mháirín agus €1,500 buaite ag an bhfoilsitheoir. Bigí ag léamh!




An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

# CLAOCHLÚ: CÚRSA SCRÍBHNEOIREACHTA DO DHÉAGÓIRÍ

Tá cúrsa scríbhneoireachta á reáchtáil ag Stiúideo Cuan, i gcomhar le Fighting Words. Mairfidh an cúrsa deich seachtaine agus tabharfar deis do dhéagóirí 14-17 a ngearrscannán féin a fhorbairt agus a scríobh ann. Is é an scríbhneoir agus drámadóir Darach Mac Con Iomaire a bheas i mbun an chúrsa agus beidh Bríd Treasa Ní Ghaoithín agus Mali Ní Chlochartaigh i mbun meántóireachta ar an gcúrsa. Beidh aoichainteoirí ó earnáil na scannánaíochta ag déanamh ceardlanna leis an ngrúpa agus beidh deiseanna freastal ar scannáin agus ar dhrámaí nua chomh maith. Casfaidh an grúpa le chéile go seachtainiúil ar an Déardaoin ó 5:30-7:30i.n. i Stiúideo Cuan, sa Spidéal. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Bríd Treasa Ní Ghaoithín ag 087 916 6297 nó ag bridtreasa@fightingwords.ie

# ÁISEANNA NUA DO DHAOINE ÓGA

Tá roinnt áiseanna nua do theaghlaigh, agus do leanaí sa naíonra agus sna ranganna naíonáin ach go háirithe, foilsithe ag Gaeloideachas. Tá seinnliosta le fáil freisin le hamhráin, rainn agus dánta don aoisghrúpa seo. Chomh maith le sin, tá áiseanna do thuismitheoirí ar fáil le cúnamh a thabhairt dóibh cur lena gcuid Gaeilge ag abaile. Is féidir na háiseanna uilig a fháil ar shuíomh idirlín Gaeloideachas nó ar a gcuntas YouTube ach 'Gaeloideachas' a chuartú.



# Comórtas Grianghrafadóireachta Chois Fharraige

**Tá féilire 2023 á réiteach againn agus ba bhreá linn bhur bpictiúir a fheiceáil ann!**



Pictiúir ó áit ar bith idir Na Forbacha - Ros a' Mhíl.
Seol do phictiúr chuig: optchoisfharraige@gmail.com chomh maith le d'ainm agus do cheantar.

Roghnófar 12 pictiúir le cur sa bhféilire.
**Spriocdháta: 21 Deireadh Fómhair 2022**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# SCOLÁIREACHT LE hÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá Údarás na Gaeltachta ag glacadh le hiarratais faoi láthair do scoláireacht chumarsáide. Tá an scoláireacht seo feiliúnach do dhuine fuinniúil, cruthaitheach a bhfuil Gaeilge líofa aici/aige, le suim acu taithí a fháil i réimse na cumarsáide, an chaidrimh poiblí agus na margaíochta.  Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis, sna Forbacha agus mairfidh an scoláireacht suas le dhá bhliain. Is féidir iarratas a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie Glacfar le hiarratas go dtí Dé hAoine 14ú Deireadh Fómhair @ 4i.n.

# ACMHAINNÍ NUA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Tá acmhainní nua, bunaithe ar fhilíocht na sraithe sóisiearaí, foilsithe ag Tuairisc. Dhá mhír déag d'acmhainní teagaisc nua atá ann agus iad ar fáil saor in aisce do chách ó www.tuairisc.ie Tá an t-ábhar dírithe ar dhaltaí i scoileanna T1 agus scoileanna T2. Is iad Breandán Mac Gearailt agus Emer Davitt, léachtóirí ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoill na hÉireann, Gaillimh, stiúrthóirí an togra agus earcaíodh scoláirí atá ag tabhairt faoin gcúrsa faoi láthair, le dul i mbun oibre ar na hacmhainní. Tá tascanna digiteacha idirghníomhacha, físeáin, agus taifeadh fuaime ar fáil, agus is féidir le scoláirí féin taifeadadh a dhéanamh ar an suíomh freisin le roinnt cleachtaidh a dhéanamh, chomh maith le rogha míniú a fháil ar roinnt focal.



# OÍCHE OSCAILTE & FORBAIRT MHÓR AG COLÁISTE CHOLMCILLE

**Tuairiscíodh le gairid go bhfuil forbairt mhór ceadaithe do Choláiste Cholmcille. Tá bainistíochta na scoile ag lorg na háiseanna nua le fada agus is údar mór ceiliúrtha é go mbeidh tús á chur leo go luath! I measc na n-áiseanna atá ceadaithe tá; seomra ceoil, seomra teicneolaíochta, leabharlann, oifigí nua, seomra machnaimh, seomra cumarsáide, seomra cruinnithe agus seomra do thuismitheoirí, chomh maith le halla spóirt agus giomnáisiam - le stóras trealaimh, seomraí feistis agus cúirteanna imeartha - agus ceaintín scoil. Tá pobal na scoile thar a bheith bródúil as oidhreacht agus traidisiún an cheantair agus ag súil go mór leis an bhforbairt nua le cur leis na himeachtaí, ócáidí agus deiseanna iontacha a cuirtear ar fáil do phobal na scoile.**

**Cuirfidh Coláiste Cholmcille fáilte roimh dhaltaí bunscoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí chuig oíche oscailte ar an Déardaoin 20 Deireadh Fómhair ó 6-8i.n. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin oíche oscailte ach teagmháil a dhéanamh leis an scoil ag 091 593 119 nó ccc@gretb.ie**



# GAEILGE AR AN TEALLACH

Sheol Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga leabhrán nua le gairid, dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid ag abaile. 'Sí Nóra Seoighe a réitigh an t-ábhar don leabhrán - tá Nóra ag múineadh leis an bhFóram le tamall anois, ag díriú go sonrach ar thuismitheoirí. Díríonn an leabhrán ar théamaí agus gnéithe éagsúla de shaol laethúil an teaghlaigh - na míonna, na laethanta, na huimhreacha chomh maith leis an gclann, an aimsir agus an scoil. Cuirtear na téarmaí Gaeilge, chomh maith leis an aistriúchán Béarla ar fáil sa leabhrán. Chomh maith le sin, má leantar an cód QR taobh istigh den leabhar, tabharfar chuig suíomh idirlín An Fhóraim chugat áit gur féidir éisteacht le taifeadadh fuaime d'ábhar an leabhráin.  Is féidir cóip den leabhrán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig na Pleanála Teanga ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com






# AN COSÁN DRAÍOCHTA AR CHAMCHUAIRT

**Seoladh An Cosán Draíochta ag Féile Chois Fharraige i mí na Samhna seo caite. Bhronn Stiúideó Cuan coimisiún ar Johnny Óg Connolly le sraith ceoil a chumadh i gcuimhne ar a athair Johnny Phádraic Phiotair an boscadóir cumasach a raibh gean an phobail air agus a d'imigh ar shlí na Fírinne aimsir na Nollag 2019. D'éirigh thar barr leis an seó a cuireadh i láthair an phobail thar sé oíche anuraidh. Beidh deis anois ag pobal na hÉireann an seó breá seo a fheiceáil mar go mbeidh siad ag cur chun bóthair ar an 21 Deireadh Fómhair sa Triskel Arts Centre i gCorcaigh, ag tabhairt cuairteanna ar Bhaile Átha Cliath, ar Bhéal Feirste, ar an Oireachtas i gCill Áirne, ar Phort Láirge, ar Ghaillimh ar an Uaimh agus ag críochnú i nGaoth Dobhair ar an 12 Samhain 2022. Beidh na ceoltóirí Ciara Ní Bhriain, Clíodhna Costelloe, Jim Higgins agus Pádraig Ó Dubhghaill mar aon leis an amhránaí Áine Ní Dhroighneáin agus an damhsóir Seosamh Ó Neachtain i gcuideachta Johnny Óig. Tá chuile eolas le fáil ag https://www.stiuideocuan.ie/an-cosn-draochta-tour**



# LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN FHÓRAIM

Tá láithreán gréasáin Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR ar fáil ag an seoladh www.coisfharraige.ie/pleanail-teanga/. Tá neart eolais ann faoin bhFóram, faoin bPlean Teanga faoi ról an phobail sa bPlean chomh maith le nuaíocht agus eolaire pobail. Tá Plean Teanga Chois Fharraige ina iomláine le fáil ann freisin mar aon le físeáin de chuid na nOifigeach Pleanála Teanga Katie Ní Loingsigh agus Aoife Ní Chonghaile. Tá mír físe ag Máire Ní Neachtain Cathaoirleach an Fhóraim ann freisin áit a ndéanann sí cur síos ar céard is brí le Pleanáil Teanga agus ar aidhmeanna an Fhóraim. Cuirfear leis an suíomh de réir a cheile agus tá súil go mbeidh féilire imeachtaí mar chuid den suíomh gan rómhoill. Tá an Fóram an-bhuíoch do Chomhlacht Forbartha Chois Fharraige as an seoladh fearainn a roinnt leo agus a bheith chomh fial agus foighdeach le linn an phróisis.

# CEILIÚRADH AR PHLEAN TEANGA CHOIS FHARRAIGE

Bhí Jack Chambers, Príomh-Aire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spóirt i láthair i Stiúideo Cuan sa Spidéal ar an Aoine 7 Deireadh Fómhair tráth ar déanadh ceiliúradh ar a bhfuil bainte amach ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR ó tosaíodh ag cur Plean Teanga Chois Fharraige (PT) i bhfeidhm. Cuireadh taispeántas de rogha de thionscadail éagsúla atá idir lámha ag Katie Ní Loingsigh agus Aoife Ní Chonghaile, na hOifigigh Pleanála ó tosaíodh ar fheidhmiú an Phlean i mí Márta na bliana 2020. B'údar bróid don slua breá a bhí i láthair a chloisteáil faoin méid tacaíochtaí a chuireann na hOifigigh ar fáil don phobal le tacú le bunaidhm an phlean;

an Ghaeilge a bhuanú sa gceantar agus cur le húsáid na Gaeilge sa bpobal le tuilleadh cainteoirí gníomhacha, laethúla Gaeilge a chothú. Bheadh súil de bharr bearta an PT go mbeadh a háit phoiblí ag an nGaeilge i saol iomlán an phobail. Cuireadh bileoga eolais maidir leis an bPT ar fáil mar aon le bileoga tacaíochta do theaghlaigh agus don lucht gnó. Taispeánadh suíomh idirlín an Fhóraim agus seoladh Gaeilge ar an Teallach leabhrán do theaghlaigh sa bpobal ar bheagán Gaeilge le tacú leo cur lena gcumas Gaeilge. Tá béim ar leith ar Ghaeilge Chois Fharraige sa leabhrán agus tá comhaid fhuaime mar chuid den saothar chomh maith. Mhínigh Máire Ní Neachtain, Cathaoirleach an Fhóraim, céard is brí le Pleanáil Teanga. Trí phróiseas Pleanáil Teanga déantar iarracht tionchar a imirt ar mheoin, ar dhearcadh agus ar úsáid teanga. Scrúdaítear na bacanna atá ag cur as do theanga atá faoi bhrú agus leagtar amach straitéisí nó bearta le hiarracht a dhéanamh na bacanna sin a shárú. Tá neart bearta agus gníomhaíochtaí i bPlean Teanga Chois Farraige le tacú le seo a dhéanamh agus tá siad dírithe ar chuile ghné agus ar chuile aois ghrúpa sa bpobal ó leic an teaghlaigh go dtí an siopa, ón bpáirc imeartha go dtí an halla pobail, ón gcliabhán go seanaois. Leag sí béim ar go bhfuil tábhacht ag roinnt le hiompar teanga chuile dhuine beo sa bpobal lena chinntiú gur féidir an Plean Teanga a chur i bhfeidhm. Mhol sí go mbeadh a phlean teanga pearsanta féin ag chuile dhuine. Spreag sí daoine le machnamh a dhéanamh ar a ngaol féin le Gaeilge: “an ndéanaim rogha i leith na Gaeilge? An dtacaím le húsád na Gaeilge sa bpobal nó an gcuirim bac air? Más bac an freagra: cén fáth agus cén chaoi go ndéanaim sin? An bhféadfainn sin a athrú?” . Bhronn Tomás Farthing, peileadóir óg na Bliana, ciseán leabhar ó fhoilsitheoirí an cheantair ar an Aire mar léiriú ar a bhisiúla is atá an earnáil i gCois Fharraige. Bhain an slua an-taitneamh as mír ceoil agus amhránaíochta ó

Fhionnán Ó Coistealbha, Éabha Ní Chonghaile, Déithín Ní Fháthartha, Sadhbh Laila Riggott agus Neasa Nic Dhonncha ó Cheoltóirí Óga Chois Fharraige. Chuir Bróna Ní Uallacháin agus Aisling agus Páid Ó Neachtain mír dhrámaíochta i láthair a mbeidh caint uirthi go ceann i bhfad! Tá blaisíní d' imeachtaí an lae le fáil sa rannóg nuaíochta ar láithréan gréasáin an Fhóraim www.coisfharraige.ie/pleanail-teanga/ na míreanna ceoil agus drámaíochta chomh maith leis na cainteanna san áireamh

Is féidir teacht ar Phlean Teanga Chois Fharraige ar an laithreán gréasáin chomh maith.







